

Na bróga draíochta/ An Rí Lubdán agus An Rí Fergus

Fear beag bródúil ba ea Lubdán, Rí na leipreachán. Bhí sé mórálach as a shaibhreas mór agus as a ríocht fhairsing. Le bheith fírinneach, Rí an-fhlaithiúil ba ea é agus b'aoibhinn leis féastaí flúirseacha a chur ar siúl ina halla ríoga dá phobal. Mar a shamhlófá, bhí an-tóir air de bharr seo.

Is ar an gcaoi sin, le barr sceitimíní a fuair leipreacháin as ríocht Lubdáin cuireadh chuig féasta dhúluachair an Gheimhridh. Ghléas siad sna cultacha ba bhreátha agus chaith siad na bróga rince ab fhearr a bhí acu. Chuir siad snas ar a gcuid cnaipí agus búclaí go dtí go raibh siad ag glioscarnach ar nós réaltaí sa spéir ar oíche ghealaí.

Agus a leithéid d'fhéasta a bhí rompu! Buaf búiiste le gairleog fhiáin agus cnó capaill, é rósta, le hanlann féithlinn doirte anuas air agus fíon milis déanta as caora troma i gcupán dearcáin - biachlár oiriúnach do bhainis ríoga! Gan amhras níorbh aon chruatan é seo do Lubdán, ar nós aon Rí leipreacháin eile, bhí corcán lán go béal de bhia aige. Bhí stór de mhaoin luachmhar aige freisin, cosúil le brat smaragaide nár chaith riamh agus péire bróg a lig don té a chaith iad súil ar uisce ar nós gur talamh tirim a bhí faoi chois.

Lean an féasta ar aghaidh go déanach san oíche agus d'éirigh na leipreacháin deargleicneach agus súgach de réir a chéile. Sheas an Rí Lubdán óna ríchathaoir agus bhuail a bhosa le chéile le haird a tharraingt.

“An é seo an féasta is fearr riamh?” A d'fhiafraigh sé.

“Is é!” a d'aontaigh an slua.

“An bhfaca sibh Rí chomh saibhir, chomh cliste nó chomh cróga is atáimse riamh?” a d'fhiafraigh sé.

“Ní fhaca choíche”, a bhéicadar, ag ardú cupáin dearcáin le sláinte an Rí.

Scaip miongháire trasna ar éadan an Rí Lubdán. Bhraith sé adhradh a phobail agus b'aoibhinn leis seo. Díreach agus é ar tí suí ina ardchathaoir le hais a chéile Bébó, d'athraigh dreach an Rí ar nós go raibh néal dorcha os a chionn. Tháinig scigireacht mar thonn trasna an halla chomh fada leis an Rí.

“Cén duine atá ag gáire fúm?” a scread Lubdán, a chorp ag crith le teann feirge.

Dá mbeadh rud amháin nach gcuirfeadh an Rí suas leis, is é sin, go ndéanfaí amadán de os comhair a phobail. Sheas leipreachán óg sotalach amach as an slua. File de chúirt an Rí a bhí ann agus dúirt i ngnath soiléir a bhí le cloisteáil ar fud an halla:

“Tá eolas agamsa ar ríocht in Éirinn atá níos saibhre agus ina bhfuil i bhfad níos mó gardaí cosanta ná mar atá agat. Is fathach é an Rí Fergus as Cúige Uladh agus d’fhéadfadh sé do ríocht a scriosadh in aon lá amháin. Agus rud eile de, bheadh luach níos mó ar bhonn óir amháin an Rí Fergus ná mar a bheadh ar na boinn uile sa ríocht seo.”

Bhí an Rí Lubdán ar mire le mídhúlseacht Eisirt, ach bhí sé níos buartha faoin náire a tharraing sé air.

“Bréaga”, a scread sé ar Eisirt. “Tusa, ar nós aon fheallaire, beidh tú díbeartha ón ríocht seo go deo na ndeor!”

Ba chorrduine ar cuireadh pianbhreith chomh gairgeach sin air agus baineadh anáil as na daoine sa halla lenar chuala siad faoi chinniúint Eisirt.

“Fan!” a scread Eisirt. “Tabhair trí lá dom dul chuig an Rí Fergus agus cruthúnas a fháil a thabharfaidh le taispeáint go bhfuilim ag insint na fírinne.”

File mór le rá ba ea Eisirt i ríocht Lubdán. Go minic sa Gheimhreadh ar oícheanta dorcha ceomhara bhí rainn dheisbhéalacha Eisirt mar ábhar siamsaíochta ag an ngnáthphobal chomh maith leis na huaisle agus thuig an Rí Lubdán a fhiúntas. Chabhraigh an cogarnach a bhí ag gabháil thart, agus iad ag seasamh le hEisirt, le Lubdán a chinneadh a dhéanamh.

“Tá go breá, a Eisirt”, a dúirt sé i nguth ard. “Tabharfaidh mé trí lá duit, ach más bréag atá á insint agat beidh tú díbeartha go brách!”

Agus leis sin, chlúdaigh Eisirt é féin lena bhrat trom fionnaidh, chuir sé hata dearg biorach air agus chuir chun bóthair chuig an Rí Fergus i gCúige Uladh. D’fhan na daoine beaga bídeacha ag faire go dtí gur imigh a hata dearg as radharc ag bun na spéire.

Thóg aistear Eisirt é síos cosán scáthach a bhí plódaithe le feithidí agus iad i mbun cruóg oibre. Dó siúd, bhí na feithidí cosúil le hainmhithe móra gur fearr a sheachaint mar ní raibh ann féin ach tráithnín. Sa deireadh, shroich sé teorainn Uladh agus tháinig sé ar phálás an Rí Fergus go luath an mhaidin dár gcionn.

Bhí garda ina chnap codlata ag geataí an pháláis agus ba bheag nár thit an t-anam as nuair a tharraing Eisirt ar a bhrat.

“A leithéid d’fheairín beag, nach bhfuil níos airde ná mo rúitíní! An bhfuilim ag brionglóideach go fóill?” a dúirt sé os ard.

“Ní ag brionglóideach atá tú”, arsa Eisirt, ag déanamh a seacht míle dícheall a bheith láidir os comhair an fhathaigh. “Is mise Eisirt, file as tír na leipreachán, agus táim ag iarraidh bualadh leis an Rí Fergus láithreach.”

Bhí an garda sna trithí gáire.

“Beidh an Rí Fergus fiosrach faoi do chuairt”, a dúirt sé, le linn dó Eisirt a scaobadh ina bhos agus é a thabhairt leis chuig croílár na cúirte.

Bhí an Rí Fergus ag baint taitnimh as a bhricfeasta i dteannta a theaghlaigh nuair a shiúil an garda isteach.

“Tá taistealaí beag as tír na leipreachán anseo chun cuairt a thabhairt ort, a Rí,” arsa an garda agus lig sé d’Eisirt titim ar an mbord os comhair an Rí Fergus. Stán an bheirt ar a chéile go díchreidmheach. Ní fhaca an Rí Fergus riamh fear beag bídeach aisteach mar eisean, agus níor shamhlaigh Eisirt go mbeadh sé i láthair Rí ollmhór riamh ina shaol.

“Bíodh deoch agat”, a scread duine de na freastalaithe agus leis sin d’ardaigh lámh fathaigh é agus lig dó titim isteach i ngloine fíona. Gháir na laochra ar an radharc d’Eisirt bocht a bhí ag plobarnach agus ag snagach go dtí gur tharraing Aodh, abhac an Rí amach é.

“Mo náire thú”, arsa Aodh ag tabhairt léasadh teanga don fhreastalaí.

“Líon méaracán fíona dár gcuairteoir”, a d’ordaigh Fergus agus rinne an freastalaí náireach é láithreach. Ansin, chas sé i dtreo Eisirt.

“Abair linn, a fhear bhig, céard a thugann anseo go dtí mo phálás thú?” a d’fhiafraigh an Rí.

“Is mise Eisirt agus thug Lubdán, Rí na leipreachán, ordú dom cruthúnas a thabhairt dó faoi do thoirt mhillteanach, toisc go raibh mé ag maíomh faoi do shaibhreas agus do chumhacht”, arsa Eisirt, ag iarraidh a anáil a tharraingt. De réir a chéile, bhí sé ag dul i dtraithí ar chomhluadar na bhfathach agus ní raibh eagla air rompu níos mó.

Bhí Fergus á phlámás ag focail an fhir bhig.

“Is fear beag cróga thú”, a dúirt sé. “Go deimhin, níl aon ríocht níos fearr ná ríocht Uladh agus tabharfaidh mé cúnaimh duit é seo a thaispeáint don Rí Lubdán. Is é Aodh an fear is ísle sa ríocht seo agus taistealóidh sé abhaile leat mar chruthúnas gur fathaigh an chuid eile againn!”

Agus leis sin, an lá dár gcionn, thosaigh an bheirt comrádaithe ar thuras chuig tír na leipreachán. Bhí Eisirt ag baint suilt as an radharc ó ghualainn Aodh agus ag tabhairt teoracha dó le linn an aistir.

Faoi dheireadh, tháinig Eisirt agus Aodh go dtí imeall thír na leipreachán agus cad a bhí rompu amach ach carbad órga.

“Is leis an Rí Lubdán an carbad sí seo,” a mhínigh Eisirt d’Aodh. “Tógfaidh an carbad sinn chuig an halla ríoga i bhfad níos tapúla ná mar a thógadh sé orainn siúl ann.”

In airde leo ar an gcarbad beag agus shroich siad an halla ríoga cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Bhí slua ollmhór bailithe d'fhilleadh Eisirt chun baile, ach a luaithe is a chonaic na leipreacháin Aodh scread siad agus theith siad. Cé go raibh an Rí Lubdán agus an Bhanríon Bébó scanraithe, d'fhan siad go cróga ar an ríchathaoir.

“Seo Aodh”, arsa Eisirt. “Is abhac é, an fear is lú i ríocht an Rí Fergus. Is cruthúnas duit é nár inis mé bréag duit. Anois tugaim dúshlán duit dul go ríocht Uladh agus blaiseadh a thógáil den leite a ullmhaíodh don Rí Fergus.

Bhí a fhios ag Lubdán nár fhéad sé an dúshlán a dhiúltú mar bheadh cuma na meatachta air. D'ordaigh sé go gcuirfí an carbad faoi réir le himeacht agus thug sé aghaidh ar ríocht Uladh agus a bhean chéile Bébó in éineacht leis. Shroich siad an ceann scríbe tar éis turas fada a dhéanamh tríd an oíche agus bhí gach olc á thaibhreamh dóibh. Chuir ainmhéid gach uile ruda alltacht orthu.

D'aimsigh siad an chistin gan mórán trioblóide agus a sróna dá stiúradh. Bhí pota mór leite the ghalach ar an mbord. Le cabhair ó Bhébó dhreap Lubdán taobh an bhoird, rug sé greim ar lámh an phota agus tharraing sé é féin suas go bile an phota. Shín sé amach a lámh chun greim a bhreith ar an spúnóg, ach baineadh dá chothrom é agus thit sé ar mhullach a chinn isteach sa leite thiubh chnapánach.

“An bhfuil tú ceart go leor?” a ghlaigh Bébó go himníoch.

Díreach ansin, osclaíodh doras na cistine de phlab agus shiúil giolla téagartha chuig pota na leitean.

“Tá fear beag bídeach sa leite”, a bhéic an giolla agus ionadh an domhain air.

“Cad atá a dhéanamh agat istigh ansin? Glanaimis tú agus tógfaimid tú féin agus do chara chuig an Rí.”

Bhí áthas ar an Rí buaileadh leis an Rí Lubdán agus leis an mBanríon Bébó.

“Tá fíorchaoin fáilte romhaibh chuig mo chúirt”, a dúirt sé. “Fanfaidh sibh anseo mar aíonna. Tiocfaidh daoine ó gach contae in Éirinn chun na daoine beaga seo a fheiceáil i mo chúirt.”

Mar sin, d'fhan Lubdán agus Bébó ag cúirt an Rí Fergus, agus ba ghearr go raibh sé soiléir gur inis Eisirt an fhírinne. Chaith an Rí Fergus go maith leo ach ní ligfeadh sé dóibh dul abhaile agus tháinig cumha ar Lubdán bocht agus ar Bhébó bhocht.

Idir an dá linn d'éirigh na leipreacháin i ríocht Lubdán imníoch faoina Rí. D'airigh siad uathu é chomh mór céanna is a d'airigh seisean uaidh na leipreacháin. D'eagraigh siad cruinniú práinneach.

“Caithfidimid dul go ríocht Uladh chun an Rí Lubdán agus an Bhanríon, Bébó a bhreith abhaile”, a dúirt Eisirt.

D’aontaigh na daoine beaga go léir go fonnmhar glórach. Le héirí na gréine an lá dár gcionn, bhailigh slua mór d’óglaigh le chéile agus lean siad Eisirt go ríocht Uladh. Shuigh siad a gcampa taobh amuigh de Phálás an Rí Fergus agus d’fhan siad fad is a labhair Eisirt leis an ngarda ag an bpríomhgheata.

“Caithfidh mé labhairt láithreach leis an Rí Fergus”, arsa Eisirt go móruchtúil.
“Abair leis teacht amach anseo chuig ár gcampa anois díreach.”

Leis sin, d’iompaigh sé a chúl ar an ngarda agus d’fhill sé ar an gcampa. Fágadh an garda gan focal le rá. Rinne sé mar a dúirt Eisirt leis. Bhí rí rá agus ruaille buaille sa chúirt, agus níorbh fhada gur tháinig an Rí go dtí an geata chucu. D’éiligh na leipreacháin go scaoilfí saor a Rí agus a mBanríon.

“Ní scaoilfidh!” arsa an Rí Fergus, “Tá clú agus cáil ar mo chúirt ar fud na hÉireann mar gheall ar na daoine beaga seo. Cuirim cóir mhaith orthu mar aíonna agus ní ligfidh mé dóibh fágáil choíche.”

“Mura ligean tú dóibh fágáil bainfidimid d’arbhar ar fad”, a bhéic siad.

“Ní scaoilfidh mé saor iad.”

“Agus cuirfidimid nimh i d’uisce go léir.”

“Ní scaoilfidh mé saor iad”.

“Agus déanfaimid gach duine i do ríocht maol.”

“Má dhéanann tú é sin”, a bhagair Fergus. “Maróidh mé Lubdán agus Bébó.”

Chuala Lubdán agus Bébó an béiceadh ar fad a bhí ar siúl. Chuaigh Lubdán chuig an Rí Fergus agus d’iarr sé air cead a thabhairt dó labhairt lena mhuintir.

“Ná déan an díobháil seo a bhagair sibh”, a d’impigh sé orthu. “Mura bhfilleann sibh abhaile go síochánta, gheobhaimid araon bás.”

Bhí an-chuid clamhsáin agus cnáimhseála á ndéanamh ag an slua ach bhí a fhios ag cách go raibh an ceart ag an Rí. Bhí grá acu don Rí agus don Bhanríon agus ní ligfidís dóibh bás a fháil. Phacáil siad an campa agus thug siad aghaidh ar an mbaile agus ualach ar a gcroíthe. Chas Lubdán chuig an Rí Fergus.

“Breathnaigh”, a dúirt sé. “Chuir mé mo mhuintir abhaile. Lig dom féin agus do Bhébó dul abhaile in éineacht leo, le do thoil. Tabharfaidh mé duit an rud is luachmhaire atá i mo sheilbh agam má scaoileann tú saor sinn.”

“Cad é sin?”, a d’fhiafraigh An Rí Fergus.

“Péire bróg draíochta”, a mhínigh Lubdán, ag síneadh a mhéire i dtreo na gcos.

“An té a chaitheann na bróga seo, bíonn sé ábalta siúl aon áit is mian leis, os cionn uisce nó faoi uisce amhlaidh is dá mbeadh sé ar thalamh cruu.”

“Nach iontach an rud é sin”, arsa an Rí Fergus.

Shocraigh Fergus ar shaoirse a bhronnadh ar an mbeirt mar mhalartú ar na bróga. Chuir sé méar coise amháin isteach i mbróg amháin agus tharraing sé go teann. Bhí ionadh an domhain air nuair a mhéadaigh an bhróg chun a chos ollmhór a chlúdach go hiomlán. Gan aon mhoill, bhrostaigh sé chuig loch ar an cóngair inar mhair ollphéist mhór. Chuir an ollphéist seo scéin ar mhuintir Uladh ar feadh na gcéadta bliain agus ní dheachaigh aon duine gar dó ar eagla go n-íosfaí é.

Tharraing an Rí Fergus amach a chlaíomh. Shiúil sé díreach chuig lár an loch, áit ina raibh an ollphéist ina codladh agus níor éirigh sé fliuch in aon chor. Le scoradh ollmhór amháin den chlaíomh bhain an Rí Fergus an cloigeann de. Shiúil sé amach as an loch agus bhí gártha móra lúcháireacha le cloisteáil ó mhuintir Uladh.

Bhí an oiread sin áthais ar an Rí Fergus leis na bróga draíochta nua seo a bhí aige gur chuir sé Lubdán agus Bébó abhaile le lear mór bronntanas óir agus airgid.

Bhí saol fada acu agus thionól siad go leor féastaí galánta ina dhiaidh sin sa halla ríoga i dtír na leipreachán, ach níor thug siad leite dá n-aíonna riamh arís.